

## Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 4: *Ag Triall ar an Sorcas!*



Finola Leane, *Circus*, 1974. Bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaí. © eastát an ealaíontóra.

### **Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Ealaíontóir as Co. Luimnigh ba ea Finola Leane. Ba bhreá léi pictiúir de chuimhní deasa a phéinteáil.

Tá na taibheoirí sorcais sa phéintéireacht seo á gcoinneáil féin cothrom fad is atá siad ina seasamh ar dhroim pónaithe, agus tá na pónaithe ag cliathrásaíocht! Caith súil ghéar ar an bpéintéireacht: an bhfuil tú in ann na ceoltóirí a fheiceáil? Is ag seinm trumpaí agus trombón atá siad agus tá dord-druma mór á sheinm ag duine amháin! Tá slua mór daoine ag liúireach go hanamúil, ach chinn Finola gan léargas soiléir a thabhairt ar a n-aghaidheanna de bhrí go bhfuil siad iad i bhfad uainn. Tá an máistir sorcais ina sheasamh sa lár, tá miotóga bána á gcaitheamh aige agus tá fuipe fhada ina lámh!

## **Seo Linn ag Súgradh!**

Samhlaigh go bhfuil tú páirteach sa sorcas!

Samhlaigh gur fear grinn nó bean ghrinn thú.

Conas a chuirfeá daoine ag gáire?

Céard iad na jócanna atá ar eolas agat nó cén cineál gluaiseachtaí is féidir leat a dhéanamh?

Scríobh síos do chuid smaointe agus lean ar aghaidh.

Cruthaigh seó do do theaghlach

Úsáid prapaí samhailteacha nó déan do phrapaí féin

Déan ticéid agus póstaer

## **Cruthaigh seó do na bréagáin is fearr leat nó do do theaghlach:**

An féidir leat do shorcas féin a shamhlú?

Smaoinigh ar dhraíocht agus ruaille buaille, scileanna, sceitimíní, éachtaí iontacha agus seó iontach a chruthú!

Úsáid prapaí samhailteacha nó déan do phrapaí féin

Déan ticéid agus póstaer, ansin cruthaigh seó do na bréagáin is fearr leat nó do do theaghlach

## **Bímis ag Tarraingt!**

Cruthaigh carachtair do do shorcas féin. An dtarraingeoidh tú...

cleasghleacaithe, pónaithe deasa a bhfuil ribíní á gcaitheamh acu, plátaí guairneála, siúlóirí ar chosa croise, Batman, bothán tatúnna, cleasrothaithe, aonrothaigh nó an rothar is lú ar domhan, sreang ard creathnach, buíon luch, fir ghrinn le canónacha, buachaillí bó, foireann seangán, gach cineál ainmhithe nó feithidí atá páirteach i sorcas beag bídeach, lámhchleasaithe oilte, ealaíontóir traipéise ar luascán go hard os cionn an tslua, húlahúpanna ollmhóra, damhsóirí, madraí beaga bídeacha ag déanamh cleas, péintéirí éadan, máistir nó máistreás sorcais le hata ard, drumadóirí agus ceoltóirí le trumpaí, cleasghleacaithe urláir, draíodóir, éachtaí, gluaisrothair, traein sorcais, fear láidir nó bean láidir



### **Lig ort gur capall thú - Déan capall as rudaí atá le fáil mórthimpeall do thí!**

D'fhéadfadh do chapall a bheith beag: úsáid scragall stáin, stróic, fill, brúigh chun an cruth ceart a chruthú (cabhróidh na grianghraif thuas agus thíos leat).

Níl aon scragall stáin agat? Gearr cruth capaill amach as cárta ón mbosca bruscair athchúrsála, úsáid pionnaí adhmaid chun na cosa a dhéanamh!



### **Ar Aghaidh Linn - Samhlaigh gur taibheoir sorcais thú agus go bhfuil tú ag marcaíocht ar phónaí álainn!**

Bí ag gearrshodar i gciorcal chun tú féin a théamh suas!

Lig ort go bhfuil tú ag léim os cionn cliath!

Léim trí fháinní móra, fáinní a d'fhéadfadh a bheith trí thine!

Moilligh ionas gur féidir leat seasamh go cúramach ar dhroim do phónaí.

Beidh ort do ghéaga a ardú san aer chun a chinntiú go bhfuil tú cothrom, agus bain triail as gluaiseacht cosúil le héan. Seans go mbeidh tú ag dul anonn is anall, ach ná bí buartha!

De réir mar a bhíonn tú ag gluaiseacht thart lig ort go bhfuil spotsolas an tsorcais ar d'aghaidh agus éist leis na trumpaí.

Ardaigh cos amháin san aer, chun tosaigh agus siar ansin, ansin an chos eile!

B'fhéidir go mbeadh fonn ort roinnt seasamh lámh nó rothchastaí a dhéanamh!

Ardaigh do chos chomh fada le do chloigeann, tá tú ag eitilt!

Umhlaigh fad is atá an slua gárthach!

---

Ná déan dearmad, is féidir leat na saothair atá cruthaithe agat mar chuid de Phictiúir faoi Chaibidil a roinnt linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** a úsáid.